Fios Foghlama- Cor Poist ón nGaelAonad Bunscoile – Bealtaine 2025

A chairde,
Tá an samhradh agus an dea-aimsir buailte linn.
Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh agus tairbhe as acmhainní agus nuacht na míosa seo.

Go dtuga an samhradh grianmhar suaimhneas is sonas daoibh

Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid

‘Má bhíonn Bealtaine fliuch agus Meitheamh tirim, bíonn an feirmeoir ag feadaíl.’
‘Is fiú saithe na mbeach i mí na Bealtaine agus carn féir.’
‘Líonann Bealtaine fhliuch agus ghaothmhar na sciobóil le harbhar agus féar.’

Léigh tuilleadh faoin samhradh anseo https://www.museum.ie/ga-ie/collections-research/folklife-collections/folklife-collections-list-(1)/religion-and-calendar-customs/may-day

---

Foghlaim Chomhtháite Abhar agus Teanga (CLIL)

Ar mhaith leat an Ghaeilge a spreagadh sa scoil leis an gcur chuige FCÁT?
An bhfuil tú ag múineadh i scoil meán-Bhéarla?

Cruthaíonn FCÁT deiseanna nádúrtha don Ghaeilge a úsáid in ábhair éagsúla. Cuirtear tacaíocht ó Oide ar fáil mar chuid den chlár seo agus tugtar deis iontach a bheith ag foghlaim i gcomhpháirt le múinteoirí eile.
Breis eolais agus acmhainní ar fáil www.oide.ie/irish-medium/baile/fcat/ agus https://assets.gov.ie/static/documents/Content_and_Language_Integrated_Learning_Irish_Pilot_Project_2025-26.pdf

Cláraigh anseo roimh an 13 Meitheamh

Amhrán na Míosa

Thugamar féin an samhradh linn (Samhradh samhradh bainne na ngamhna)

John Spillane https://youtu.be/H33yO0d3JNc?si=Er5SmL83opPqeADR

The Gloaming, Iarla Ó Lionáird https://youtu.be/VjE33BQ7aJ4?si=8yJp9pziLcSKo-rw

Samhradh, samhradh, bainne na ngamhna,
Thugamar féin an samhradh linn.
Samhradh buí na nóinín glégeal,
Thugamar féin an samhradh linn

Thugamar linn é ón gcoill chraobhaigh,
Thugamar féin an samhradh linn.
Samhradh buí ó luí na gréine,
Thugamar féin an samhradh linn

Bábóg na Bealtaine, maighdean an tSamhraidh,
Suas gach cnoc is síos gach gleann
Cailíní maiseacha bán-gheala glégeal,
Thugamar féin an samhradh linn

Cuileann is coll is trom is caorthann
Thugamar féin an samhradh linn
An fuinseog ghléigeal bhéil an átha
Thugamar féin an samhradh linn

Samhradh, samhradh, bainne na ngamhna,
Thugamar féin an samhradh linn.
Samhradh buí na nóinín glégeal,
Thugamar féin an samhradh linn

Bábóg na Bealtaine, maighdean an tSamhraidh,
Suas gach cnoc is síos gach gleann
Cailíní maiseacha bán-gheala glégeal,
Thugamar féin an samhradh linn

Acmhainn na míosa

Flippity

Is acmhainn saor in aisce é flippity agus is féidir le muinteoirí agus daltaí cluichí oideachais a chruthú leis. www.flippity.net

Pota Focal

Is foclóir neamhspleách Gaeilge é Pota Focal. Tá teasáras Pota Focal bunaithe ar Líonra Séimeantach na Gaeilge, saothar de chuid Kevin Scannell http://www.potafocal.com

Samhlacha na míosa

Chomh fada le lá samhraidh
Chomh gorm leis an spéir ar lá breá samhraidh
Chomh hionraic leis an ngrian
Chomh glé le droim na farraige i mbrothall an tsamhraidh
Chomh geal le ceannbhán nó chomh geal le canach an tsléibhe
Chomh ata le frog
Chomh binn le ceol na n-éan
Chomh ceolmhar le cloigín
Chomh soiléir le grian an mheán lae
Chomh sásta le píobaire
Chomh socair le cat
Chomh fairsing le féar nó le gaineamh
Chomh sona le páiste le huachtar reoite
Chomh séimh le leanbh
Chomh te le leaca ifrinn

Podchraoltaí

Podchraoladh 435: Agallamh le Claire Dunne (Institiúid Oideachais Marino) faoi mhúineadh na Gaeilge
https://insideeducation.podbean.com/e/podcast-435-dr-claire-dunne-on-teaching-irish-10-3-25/

E9: An Ghaeilge agus prionsabail na Foghlama, an Teagaisc, agus an Mheasúnaithe (Dr. Claire Dunne agus Clodagh Ní Mhaolchiaráin.

Ar an gclár seo, pléann Dr. Claire Dunne (Léactóir) agus Clodagh Ní Mhaolchiaráin (Príomhoide) Prionsabail an Teagaisc, na Foghlama agus na Measúnachta mar a ndéantar cur síos orthu i gCreatchuraclam na Bunscoile. Pléann siad an chuma atá ar na prionsabail sin (aistrithe agus leanúnachas, caidrimh, comhpháirtíochtaí, gníomhú agus rannpháirtíocht, measúnú agus dul chun cinn timpeallachtaí foghlama, oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht agus oideolaíocht) i dtéarmaí praiticiúla i múineadh na Gaeilge.

Taisce Chanúintí na Gaeilge

Léirítear scothshamplaí de chanúintí réigiúnacha na Gaeilge ó Chartlann RTÉ. Tá 200 taifead ann as dhá chontae dhéag agus cuimsíonn siad na ceantair Ghaeltachta mar a thuigtear inniu iad agus ceantair ina bhfuil an teanga imithe i léig le fada an lá. Díríodh ar an tréimhse ó na 1940idí go dtí na 1990idí agus áirítear ann cuid de na taifeadtaí Gaeilge is luaithe ó Chartlann RTÉ.

Ceann de na gnéithe is suntasaí den acmhainn seo is ea an chaoi go mbíonn leaganacha canúnacha den fhocal céanna cnuasaithe le chéile faoin leagan caighdeánach.
https://www.canuint.ie/ga/eolas/faoin-suiomh-seo/eolas-faoin-tionscadal/

Gearrscannán: Scríofa sna Reáltaí

Is breá le Seán atá naoi mbliana d'aois agus a bheith ag aisteoireacht. Bíonn sé deacair ar Sheán a línte a chur de ghlanmheabhair ó tharla go bhfuil ach ní stopadh an diabhal féin é a bheith ar an stáitse. Is ábhar misnigh é an scannán seo a thugann spreagadh do dhaoine dúshláin a shárú.

Gearrscannán (15 nóiméad)
https://cula4.com/ga/claracha/scriofa-sna-realtai/1

Is Linne í

Rap úrnua agus físeán ceoil spreagúil ó dhaltaí i gCathair Chorcaí. Chun an Ghaeilge a dhéanamh níos tarraingtí agus níos ábhartha do dhaltaí sa lá atá inniu ann, tháinig Barr na gCnoc, GMCBeats agus Léiriú Súgradh Teo le chéile chun físeán ceoil i seánra hip hop a chruthú, le dul i bhfeidhm go mór ar an bhfoghlaim.

Ábhar mhachnaimh dúinn ar fad atá sa churfá 'Táimid ag lorg slí níos úire, chun an teanga a dhéanamh níos suimiúla.' https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/6369670164112

Ábhar tacaíochta agus liricí ar fáil anseo https://tg4-foghlaim.s3.eu-west-1.amazonaws.com/files/d9824e12-cb83-4a93-9f26-9092ba44ad4a.pdf

Alt nuachta faoi ar Nuacht Cúla4: https://youtu.be/SJHcHoqXlpA?si=FzYuOZsEhfUPCwfP

Ionduchtúchán Droichead: Seisiún Eolais do Phríomhoidí

Beidh seisiún eolais (trí Ghaeilge)ar siúl do phríomhoidí ar an 29 Bealtaine chun tacú leo leis an bpróiseas Droichead. Is imeacht dhá uair an chloig ar líne (Zoom) a bheidh ann a bheidh éascaithe ag baill den bhFoireann Ionduchtúcháin Droichead.

Cúrsa Samhraidh Bunscoile 2025 - FCÁT

Fiosróidh an cúrsa samhraidh aghaidh ar aghaidh seo FCÁT agus cumasóidh sé múinteoirí leis an gcur chuige seo a chur i bhfeidhm trí Ghaeilge ina seomraí ranga féin. Tabharfaidh an cúrsa praiticiúil, idirghníomhach seo deis do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile machnamh a dhéanamh ar a dtaithí féin ar mhúineadh agus foghlaim agus pleanáil do cheachtanna a bhaineann leas as cur chuige FCÁT.

3 lá EPV ar fáil. Cláraigh tríd na hIonad Oideachais seo a leanas:

Ionad Oideachais an Chláir 1-5 Iúil 2025

Ionad Oideachais Dhroim Conrach 18-22 Lúnasa 2025

Déan teagmháil linn ar eolas@oide.ie. agus leanaigí sinn ar X @OidePrimGaeilge